



Uimhir 5 de 1991

An tAcht um Chosaint Oibrithe (Fostaithe Páirtaimseartha Rialta), 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 5 de 1991

**AN tACHT UM CHOSAINT OIBRITHE (FOSTAITHE
PÁIRTAIMSEARTHA RIALTA), 1991**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
 2. Seirbhís leanúnach.
 3. Feidhm achtachán iomchuí.
 4. Feidhm Acht 1973.
 5. Díospóidí maidir le leanúnachas seirbhíse, etc.
 6. Rialacháin a bhaineann le díospóidí.
 7. Caiteachais.
 8. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
-

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973	1973, Uimh. 25
An tAcht um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981	1981, Uimh. 2
An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973	1973, Uimh. 4
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1984	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	1984, Uimh. 21
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 1990	
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1990	

[Uimh. 5.] *An tAcht um Chosaint Oibrithe* [1991.]
(*Fostaithe Páirtaimseartha Rialta*), 1991.

An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1977, Uimh. 10
An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977	1977, Uimh. 6
An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988	1988, Uimh. 13
Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988	



Uimhir 5 de 1991

**AN tACHT UM CHOSAINT OIBRITHE (FOSTAITHE
PÁIRTAIMSEARTHA RIALTA), 1991**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEATHNÚ FORÁLACHA ÁIRITHE d'ACHTANNA
A BHAINNEANN LE FOSTAÍOCHT CHUIG FOSTAITHE
A BHFUIL SÉ CEAPTHA DÓIBH DE GHNÁTH 8 nUAIRE
AN CHLOIG OIBRE AR A LAGHAD A DHÉANAMH
SA tSEACHTAIN d'FHOSTÓIR AGUS, MÁ S IOMCHUÍ,
A d'OIBRIGH AMHLAIDH AR FEADH TRÉIMHSE 13
SHEACHTAIN LEANÚNACHA AR A LAGHAD DON
FHOSTÓIR, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH
NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE.

[26 Márta, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Acht 1967” an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984;

ciallaíonn “foráil eisiach”—

- (a) (i) fo-alt (1) d’alt 4 d’Acht 1967 sa mhéid go bhfuil d’éifeacht leis fostaithe a eisiamh ó fheidhm an Achta sin de bhua na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Fofhostaíochtaí), 1979 (I.R. Uimh. 127 de 1979), na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Mionfhostaíocht), 1991 (I.R. Uimh. 28 de 1991), nó aon rialachán eile a bheidh forordaithe de thuras na huaire ag an Aire faoi fho-alt (3) (a) den alt seo, nó

(ii) fo-alt (2) den alt sin 4,

(b) alt 3(1)(a) den Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973,

(c) (i) i ndáil le teideal chun saoire bliantúla, alt 3 den Acht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973, sa mhéid go bhfuil d'éifeacht leis fostaithe a eisiamh ó fheidhm an Achta sin faoi threoir líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear, nó

(ii) i ndáil le teideal chun laethanta saoire poiblí, alt 4(2) den Acht sin,

(d) an míniú ar “fostaí” in alt 1 (arna leasú leis an Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988) den Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977, sa mhéid go bhfuil d'éifeacht leis fostaithe a eisiamh ó fheidhm an Achta sin faoi threoir líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear,

(e) mír 8 (arna leasú le hAcht 1984) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, arna chur chun feidhme chun críocha an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977, de bhua alt 2(4) den Acht deireanach sin,

(f) (i) an míniú ar “fostaí” in alt 2(1) den Acht um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981, sa mhéid go bhfuil d'éifeacht leis fostaithe a eisiamh ó fheidhm an Achta sin de bhua na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Fofhostaíochtaí), 1979, na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Mionfhostaíocht), 1991, nó aon rialachán eile a bheidh forordaithe de thuras na huaire ag an Aire faoi fho-alt (3)(a) den alt seo, nó

(ii) mír (a) den mhíniú ar “fostóir” in alt 2 (1) den Acht sin,

nó

- (g) alt 3 d'Acht 1984, sa mhéid go bhfuil d'éifeacht leis fostaithe a eisiamh ó fheidhm an Achta sin de bhua na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Fofhostaíochtaí), 1979, na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Mionfhostaíocht), 1991, nó aon rialachán eile a bheidh forordaithe de thuras na huaire ag an Aire faoi fho-alt (3)(a) den alt seo;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Saothair;

ciallaíonn “páirtaimseartha rialta”, i ndáil le fostaí faoi achtachán iomchuí, fostaí a oibríonn d'fhostóir agus—

- (a) atá i seirbhís leanúnach an fhostóra le 13 sheachtain ar a laghad, agus

- (b) a bhfuil sé ceaptha dó de ghnáth 8 n-uaire an chloig oibre ar a laghad a dhéanamh sa tseachtain don fhostóir sin,

agus nach mbeadh feidhm, murach an tAcht seo, ag foráil den achtachán iomchuí maidir leis mar gheall ar fhoráil eisiach;

ciallaíonn “achtachán iomchuí”—

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1990,

- (b) na hAchtanna um Fhógra íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1984,

- (c) an tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973,

- (d) na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988,

- (e) an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977,

- (f) an tAcht um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981, nó

- (g) na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 1990;

ciallaíonn “an Binse” an Binse Achomhairc Fostaíochta.

(2) Déanfar tagairtí san Acht seo d'fhostaí nó d'fhostóir a fhorléiriú, de réir mar is cuí sna himthosca, faoi threoir fostaí nó fostóra, faoi seach, chun críocha achtacháin iomchuí amháin, nó níos mó ná achtachán iomchuí amháin, arna leasú leis an Acht seo.

(3) (a) Féadfaidh an tAire le hordú, chun críocha mhíreanna (a)(i), (f)(i) agus (g), nó aon cheann acu, den mhíniú ar “foráil eisiach”, aon rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Leasa Shóisialaigh agus lena mbaineann fo-alt (1) d’alt 4 d’Acht 1967 nó alt 3 d’Acht 1984, nó iad araon, a fhorordú, agus féadfaidh sé le hordú aon ordú lena bhforordaítear rialacháin amhlaidh a leasú nó a chúlghairm.

(b) Féadfaidh an tAire le hordú an míniú ar “páirtaimseartha rialta” a leasú chun athrú a dhéanamh ar an líon íosta seachtainí de sheirbhís leanúnach nó ar an líon íosta uaireanta an chloig oibre sa tseachtain a bhfuil sé ceaptha do dhuine a dhéanamh de ghnáth, nó orthu araon, agus féadfaidh sé é a leasú amhlaidh i gcás gur leasaíodh an míniú sin roimhe sin de bhua an fho-ailt seo.

(c) I gcás go mbeartaítear ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt seo, leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

Seirbhís leanúnach.

2.—(1) D’fhonn na 13 sheachtain de sheirbhís leanúnach, le fostóir dá dtagraítear sa mhíniú ar “páirtaimseartha rialta”, a ríomh, beidh feidhm ag forálacha an Chéad Sceidil a ghabhann leis an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973—

(a) amhail is dá mbeadh tagairtí d’fhostóir agus d’fhostaí le forléiriú de réir alt 1(2) den Acht seo, agus amhail is dá bhforléireofaí tagairtí d’fhostaíocht agus focail ghaolmhara dá réir sin, agus

(b) amhail is dá mba thagairt do “8 n-uaire an chloig” an tagairt do “ocht n-uaire an chloig déag” i mír 8 den Sceideal sin.

(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo, beidh rogha ag an mBinse, le linn dó díospóid a éisteacht a tarchuireadh chuige faoi alt 5(1) den Acht seo, breithniú a dhéanamh cibé acu a d’úsáid an fostóir—

(a) dífhostú fostaí ag an bhfostóir, cibé uair a tharla sé, agus athfhostú an fhostaí ina dhiaidh sin laistigh de 26 sheachtain ón dífhostú sin, nó

(b) laghdú ag an bhfostóir ar uaireanta an chloig oibre fostaí sa tseachtain, cibé uair a tharla sé,

d’fhonn oibleagáidí a éiríonn nó ar dóigh dóibh éirí de bhua an Achta seo a sheachaint agus, i gcás gur dóigh leis an mBinse gur úsáideadh an dífhostú nó an laghdú sin amhlaidh, measfar nach n-oibreoidh sé chun leanúnachas sheirbhís an fhostaí a bhriseadh nó chun difear a dhéanamh d’inríofacht na seirbhíse sin.

(3) (a) Más rud é, chun críche fheidhm aon achtacháin iomchuí nó cuid den chéanna, go mbeidh tréimhse seirbhíse leanúnaí (is seirbhís de réir fhorálacha an achtacháin sin, cibé caoi a sainítear iad) nach lú ná 13 sheachtain ag teastáil, ansin, chun an tréimhse a fhionnadh faoin achtachán sin, cuirfear na 13 sheachtain de sheirbhís leanúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo san áireamh amhail is dá mba 13 sheachtain de sheirbhís leanúnach í de réir fhorálacha an achtacháin sin, cibé caoi a sainítear iad.

(b) D’fhonn an chuid de thréimhse seirbhíse leanúnaí lena mbaineann mír (a) den fho-alt seo, ach nach bhfuil inríofa de réir fho-alt (1) den alt seo, a ríomh, déanfar—

(i) maidir le hAcht 1967, an chuid sin a ríomh faoin Acht sin amhail is dá mba thagairt do “8 n-uaire an chloig” an tagairt san Acht sin in alt 4 (2) (arna leasú le hAcht 1984) do “18 n-uaire an chloig”,

(ii) maidir leis an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, an chuid sin a ríomh amhail is dá mba thagairt do “8 n-uaire an chloig” an tagairt i mír 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú amhlaidh) do “ocht n-uaire an chloig déag”,

(iii) maidir leis an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, an chuid sin a ríomh amhail is dá mba thagairt do “8 n-uaire an chloig” an tagairt sa mhír 8 sin a dúradh den Chéad Sceideal sin a dúradh (arna leasú amhlaidh agus arna chur chun feidhme chun críocha an Achta sin a dúradh de bhua alt 2 (4) den Acht sin) do “ocht n-uaire an chloig déag”.

(4) Ach amháin mar a bhforáiltear leis an Acht seo, ní fhabhróidh aon sochar nó ceart faoi aon achtachán iomchuí, lena n-áirítear an tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973, chuig fostaí páirtaimseartha rialta i leith na 13 sheachtain de sheirbhís leanúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo agus ní fhionnfar aon tréimhse sa chaoi go mbeidh na 13 sheachtain sin uile nó aon chuid díobh san áireamh inti.

(5) Sa mhéid go bhfuil baint ag forálacha an ailt seo le nithe lena mbaineann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cearta Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 1980 (I.R. Uimh. 306 de 1980), is forálacha iad de bhreis ar na Rialacháin sin agus ní ina n-ionad.

Feidhm achtachán
iomchuí.

3.—Faoi réir alt 2 den Acht seo agus i gcás gur cuí é, beidh feidhm ag gach achtachán iomchuí, seachas an tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973, maidir le fostaí páirtaimseartha rialta ar an modh céanna a bhfuil feidhm aige, seachas de bhua an Achta seo, maidir le fostaí lena mbaineann an t-achtachán sin.

Feidhm Acht 1973.

4.—(1) Faoi réir alt 2 den Acht seo agus fhorálacha eile an ailt seo agus i gcás gur cuí é, beidh feidhm ag Acht 1973 maidir le fostaí páirtaimseartha rialta ar an modh céanna a bhfuil feidhm aige, seachas de bhua an Achta seo, maidir le fostaí lena mbaineann Acht 1973.

(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) agus (3) d’alt 3, ag fo-alt (2) d’alt 4 ná ag fo-alt (2) d’alt 5 d’Acht 1973 maidir le haon fhostaí páirtaimseartha rialta.

(3) Chun críche fheidhm Acht 1973 maidir le fostaithe páirtaimseartha rialta, beidh éifeacht leis an Acht sin—

(a) i gcás fho-alt (1) d’alt 3, amhail is dá léifi an fo-alt sin mar a leanas:

“(1) Beidh fostaí i dteideal saoire le pá i leith bliana saoire (dá ngairtear saoire bhliantúil san Acht seo) de réir ráta sé huair an chloig in aghaidh gach 100 uair an chloig a oibrítear agus níos lú ná sin go comhréireach i gcás gur lú an líon uaireanta an chloig a oibrítear.”,

(b) i gcás fho-alt (7) d’alt 3, amhail is dá léifí an fo-alt sin mar a leanas:

“(7) Chun críocha fho-alt (1), áireofar lá de shaoire bhliantúil mar lá ar ar oibrigh an fostaí na huaircanta an chloig a d’oibreodh sé dá mba nach raibh sé ar saoire.”,

(c) i gcás mhíreanna (a) agus (b) d’fho-alt (5) d’alt 3, amhail is dá léifí na míreanna sin, faoi seach, mar a leanas:

“(a) I gcás ocht mí nó níos mó de sheirbhís a bheith tugtha, ní foláir, faoi réir aon chomhaontaithe fostaíochta chláráithe, aon ordaithe rialaithe fostaíochta nó aon chomhaontaithe le ceardchumann an fhostaí, tréimhse gan bhriseadh—

(i) atá comhionann leis an teideal chun saoire a thuilltear thar an gcéad ocht mí de sheirbhís, nó den bhliain saoire chuí, nó

(ii) atá comhionann le dhá thrían den teideal iomlán chun saoire a thuilltear sa chéad bhliain de sheirbhís, nó dá éis sin sa bhliain saoire chuí,

a bheith ar áireamh i saoire bhliantúil agus chun tréimhse gan bhriseadh de shaoire bhliantúil a fhionnadh, tabharfar aird ar an meántréimhse a n-oibreofaí líon uaireanta an chloig thairsti (arb é an líon céanna uaireanta an chloig é leis an líon is ionannas don tréimhse gan bhriseadh de shaoire bhliantúil).

(b) Nuair a bheifear á fhionnadh, chun críocha an fho-alt seo, an tréimhse de shaoire gan bhriseadh tréimhse, ní áireofar gur lá saoire poiblí nó lá breoiteachta aon lá áirithe.”,

(d) i gcás fho-alt (1) d’alt 5, amhail is dá léifí an fo-alt sin mar a leanas:

“(1) I gcás—

(a) fostaí do scor de bheith fostaithe, agus

(b) saoire bhliantúil a bheith dlite dó i leith na bliana saoire reatha nó, i gcás an fhostaíocht do scor an chéad leath den bhliain sin, i leith na bliana sin, na bliana saoire roimhe sin nó ina leith araon,

íocfaidh an fostóir cúiteamh leis i leith na saoire bliantúla de réir ráta atá comhréireach leis an ngnáthrata seachtainiúil.”,

(e) i gcás fho-alt (3) d’alt 5, amhail is dá léifí an fo-alt sin mar a leanas:

“(3) I gcás ina scoirfidh fostaíocht sna cúig sheachtain dar críoch an lá roimh lá saoire poiblí agus go raibh an fostaí, sa chuid den tréimhse sin roimh an scor, ag obair don fhostóir i gceithre sheachtain ar a laghad de na cúig sheachtain sin, íocfaidh an fostóir pá lae breise leis mar chúiteamh i leith an lae saoire phoiblí.”,

agus

(f) i gcás mhír (b) d’fho-alt (3) d’alt 6, amhail is dá léifí an mhír sin mar a leanas:

“(b) is de réir ráta atá comhréireach leis an ngnáthrata seachtainiúil luach saothair a íocfar é, agus”.

(4) Chun críocha fheidhm an Achta seo maidir le hAcht 1973, ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a cheadaíonn aon fhionnadh ar theideal chun saoire bliantúla nó ar theideal chun laethanta saoire poiblí ó dháta roimh an dáta tosach feidhme dá bhforáiltear in ordú faoi alt 8(9) den Acht seo agus a bhaineann le hAcht 1973.

(5) San alt seo ciallaíonn “Acht 1973” an tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973.

Díospóidí maidir le leanúnachas seirbhíse, etc.

5.—(1) Aon díospóid a éireoidh maidir leis na 13 sheachtain de sheirbhís leanúnach lena mbaineann alt 2(1) den Acht seo a ríomh, agus aon díospóid a bhaineann leis an líon uaireanta an chloig oibre sa tseachtain a dhéantar iarbhír nó a bhfuil sé ceaptha do dhuine de ghnáth a dhéanamh, tarchuirfear ar an modh forordaithe chuig an mBinse í.

(2) Faoi réir cirt achomhairc chun na hArd-Chúirte ar cheist dlí, is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Bhinse de bhua an ailt seo.

(3) San alt seo ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 6 den Acht seo.

6.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’alt 5 den Acht seo. Rialacháin a bhaineann le díospóidí.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) den alt seo, féadfar le rialacháin a dhéanfar faoin alt seo foráil a dhéanamh le haghaidh gach ní nó aon ní de na nithe seo a leanas, is é sin le rá:

- (a) an nós imeachta a bheidh le leanúint maidir le díospóidí a tharchur faoi alt 5 den Acht seo chuig an mBhinse,
- (b) fógraí a bhaineann le héisteachtaí ag an mBhinse,
- (c) tráthanna agus ionaid éisteachtaí de chuid an Bhinse,
- (d) ionadaíocht páirtithe a fhreastalóidh ag éisteachtaí de chuid an Bhinse,
- (e) an nós imeachta maidir leis na héisteachtaí ag an mBhinse,
- (f) cinntí an Bhinse a fhoilsiú agus a fhógairt,
- (g) an Binse do dhámhachtain costas agus caiteachas i ndáil le díospóidí den sórt sin a dúradh agus íoc an chéanna.

(3) Go dtí go ndéanfar rialacháin faoin alt seo, beidh feidhm ag na rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, chun críocha alt 8 (8) den Acht sin, fara cibé modhnuithe is gá, amhail is dá mbeidís déanta agus leagtha go cuí de réir an ailt seo.

(4) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

[Uimh. 5.] *An tAcht um Chosaint Oibrithe* [1991.]
(*Fostaithe Páirtaimseartha Rialta*), 1991.

Caiteachais.

7.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach feidhme.

8.—(1) Féadfar an tAcht um Chosaint Oibrithe (Fostaithe Páirtaimseartha Rialta), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) A mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1990, forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

(3) A mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1984, forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

(4) A mhéid a bhaineann sé leis an Acht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973, forléireofar an tAcht seo agus an tAcht sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 agus 1991, a ghairm díobh le chéile.

(5) A mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988, forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

(6) A mhéid a bhaineann sé leis an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, forléireofar an tAcht seo agus an tAcht sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 agus 1991, a ghairm díobh le chéile.

(7) A mhéid a bhaineann sé leis an Acht um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981, forléireofar an tAcht seo agus an tAcht sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981 agus 1991, a ghairm díobh le chéile.

(8) A mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 1990, forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna sin le chéile agus féadfar na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

(9) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.